
# An Roinn Bonneagair


# Plean Sainordaithe 2025-2027

// TOSAÍONN ACHAN RUD ANSEO



Department for Infrastructure
An Roinn Bonneagair
Depairtment fur Infrastructure
www.infrastructure-ni.gov.uk


McNALLY'S
McNALLY'S



# Clár an Ábhair

Plean Sainordaithe na Roinne Bonneagair - Réamhrá 4

An Clár Bunchloch 6

1/ Dul i nGleic leis an Athrú Aeráide 7

2/ Níos glaine agus níos glaise 8

3/ Dul in oiriúint don athrú aeráide 9

4/ Bóithre níos fearr 10

5/ Uisce agus Fuíolluisce 12

6/ Pleanáil don Fheabhsú 14

7/ Daoine a Ionchuimsiú 15

Tosaíochtaí Riachtanacha Bonneagair 16

Mórscéimeanna Bóithre agus Mórthionscadail Iompair 18

# Plean Sainordaithe na Roinne Bonneagair - Réamhrá

Tá an bonneagar riachtanach don tsaol laethúil s'againn. Is é sin an bhunchloch a dtugtar neamhaird uirthi go minic, ar a bhfuil achan gŠé dár sochaí suite: an nascacht atá de dhíth ar ár bpobal agus ar ár ngeilleagar le bheith ag feidhmiú; uisce glan le hól agus na háiseanna fuíolluisce atá de dhíth orainn lenár sláinte agus folláine a chinntiú; na córais is gá a bheith ann ionas gur féidir na foirgnimh atá de dhíth orainn a thógáil agus, ag an am chéanna, an comhshaol agus na caighdeáin mhaireachtála a chosaint; agus na struchtúir agus na tionscnaimh atá de dhíth orainn le dul in oiriúint do dhúshláin an athraithe aeráide agus iad a bhainistiú.

Lenár mbonneagar a fheabhsú agus a chothabháil, beidh maoiniú nach beag de dhíth orainn i gcónaí lena gcur ar fáil. Toisc gur fadtéarmach iad na tionscadail agus na straitéisí atá de dhíth, is cosúil go bhfuil na torthaí i bhfad ar shiúl uainn. Is é cuspóir an Phlean Sainordaithe seo ná na torthaí fadtéarmacha a bhfuil muid ag súil leo a léiriú, chomh maith leis na céimeanna a ghlacfar sa dá bhliain atá romhainn leis na bunchlocha a leagan síos leis na torthaí sin a bhaint amach. Beartaíonn sé an chonair a ghlacfaidh muid, agus an rath is féidir linn a thomhas agus a léiriú. An rath seo a chuireann ar chumas muid faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn s'againn sa tsainordú seo.

Tá mianta ardleibhéil curtha le chéile againn don Roinn le linn an tsainordaithe seo. Seo iad a leanas:

// Ár seirbhísí a chur ar fáil do phobail agus do gŠólachtaí fríd sholáthar agus cothabháil ár sócmhainní bonneagair (daoine).

// Dul i ngleic leis an athrú aeráide fríd athrú inbhuanaithe ar an bhonneagar agus ar na seirbhísí s'againn (an domhan).

// Forbairt agus pleanáil a dhéanamh do bhonneagar agus do chóras pleanála a chuireann le rathúnas, a spreagann fás eacnamaíoch agus a fheabhsaíonn nascacht (rath) agus ceangal le háit.

Sa phlean sainordaithe seo, tá dhá shruth oibre ar leith: An Clár Bunchloch agus Tosaíochtaí Riachtanacha Bonneagair.

Cuirfear níos mó sonraí ar sholáthar na sruthanna oibre san áireamh sna Pleananna Gnó Bliantúla do 2025-26 agus do 2026-27.



# An Clár Bunchloch

An Clár Bunchloch tá seacht dtionscadal uaillmhianacha claochlaitheacha. RogŠaíodh na seacht gcinn sin toisc go léiríonn siad réimsí ina dtaispeánann na sonraí gur gá don Roinn tús a chur le hidirghabháil athraithe atá marthanach ionas go n-imreofar tionchar fadtéarmach ar na deacrachtaí atá sa tsochaí.

1. DUL I NGLEIC LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE
2. NÍOS GLAINE AGUS NÍOS GLAISE
3. DUL IN OIRIÚINT DON ATHRÚ AERÁIDE
4. BÓITHRE NÍOS FEARR
5. UISCE AGUS FUÍOLLUISCE
6. PLEANÁIL DON FHEABHSÚ
7. DAOINE A IONCHUIMSIÚ

# 1 DUL I NGLEIC LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE

## // AN DÚSHLÁN

Tá Neodracht Carbóin fá 2025 ar cheann de na rudaí is tábhachtaí le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tá neodracht carbóin ríthábhachtach le teochtaí domhanda a choinneáil ó bheith ag ardú thar 1.5 céim níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an réabhlóid thionsclaíoch. Faoi Acht na gComharthaí Athraithe Aeráide (Tuaisceart Éireann) 2022 (CCA) tá an Roinn Bonneagair mar roinn ceannais don iompar agus tá sé freagrach as iompar de mhuir is tír agus as bonneagar a dhícarbónú. Sa ról seo, ceanglaítear ar an Roinn le beartais agus tograí a shainaithint a chuirfidh leis na spriocanna a leagtar amach faoin Acht

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINN

Is í an earnáil iompair an dara hearnáil is mó a chuireann astaíochtaí amach i ndiaidh earnáil na talmhaíochta. Is é 17.9% (3.8 milliún tonna de chobhéis dé-ocsaíde charbóin) de na haistíochtaí uilig ó TÉ in 2022. San iomlán, is iad na hastaíochtaí ó sceithphíobaí i gcarranna, busanna, trucailí saothair éadróim, trucailí tromshaothair agus gluaisrothair atá freagrach as 88% de na hastaíochtaí iompair uilig. Tá carranna paisinéirí freagrach as 64% (2.4 milliún tonna de choibhéis dé-ocsaíde charbóin).

Fríd úsáid a bhaint as Transport Emissions Model na Roinne (TEM) ó thaobh cúrsaí iompair de, agus samhlacha iompair a bhaineann leis, tá a fhios againn gurb í baint na n-astaíochtaí ó charranna an tionchar is mó a bheith ar astaíochtaí carbóin ón earnáil iompair a laghdú. Éileoidh sé seo fócas ar charranna príobháideacha i dTuaisceart Éireann, chomh maith le feithiclí bóthair eile agus traenacha a athrú sa dóigh is go mbeidh siad neodrach ó thaobh carbóin de fá 2050. Is ionann an Bhunchloch cheannrodaíoch seo agus léiriú dána intinne. Ní chiallaíonn sé seo nach dtabharfaidh muid neamhaird do na leasanna a bheas ag daoine a úsáideann an taisteal gníomhach nó an t-iompar poiblí. Bíodh sin mar atá, ciallaíonn sé seo go gcaithfidh muid a bheith ionraic fán mhéid a bheidh riachtanach le laghdaithe ar astaíochtaí a bhaint amach, agus muid conair eile a chur chun cinn le hiompar níos glaine níos glaise a bheith ann. Is bealach eile é sin le sláinte agus folláine ár muintir a fheabhsú.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Beidh an córas iompair chóir a bheith neodrach ó thaobh carbóin de fá 2050 - laghdú de 96%. Feicfidh muid laghdú de thart ar 252,000 tona de dhé-ocsaíd charbóin in astaíochtaí iompair fá dheireadh céadtréimhse an bhuiséid carbóin, agus tá sé réamh-mheasta go laghdófar astaíochtaí de 900,000 tona de dhe-ocsaíd charbóin fá 2030.

### FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

// Céadphlean na hEarnála Iompair foilsithe.

// An sainordú maidir le feithiclí saor ó astaíochtaí curtha i bhfeidhm chomh maith le Scéimeanna Astaíochtaí i ndáil le Trádáil.

// Plean cumarsáide straitéiseach.

# 2 NÍOS GLAINE AGUS NÍOS GLAISE

## // AN DÚSHLÁN

Le dul i ngleic leis an athrú aeráide, tá foirmeacha eile iompair de dhíth, foirmeacha atá tarraingteach, amhail an t-iompar poiblí, an choisíocht, an taisteal le gléasanna dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus rothaíocht. Cuireann an taisteal gníomhach agus an t-iompar poiblí le luach an sochaí. Cuireann sé an fholláine chun cinn, laghdaíonn sé truailliú, feabhsaíonn sé caighdeán aeir agus déanann sé áiteanna níos sláintiúla agus níos deise dár mbailte agus dár gcathracha le cónaí ann. Go fadtéarmach, is dócha go mbeidh na modhanna iompair seo níos coitianta, rud a chuirfidh sláinte agus folláine chun cinn chomh maith le hionchuimsiú sóisialta agus cuirfidh na modhanna iompair seo le geilleagar beo beathach. Ní bheidh athrú suntasach ar astaíochtaí carbóin dá mbarr sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma ach beidh ról acu i ndul i ngleic leis an athrú aeráide san fhadtéarma.

Tá a fhios againn a thábhachtaí agus atá sé dearcadh réamhchúramach a bheith againn agus muid ag cosaint na modhanna iompair seo. I lár an 20ú haois, rinneadh cinntí le fáil réidh le stráicí den ghréasán iarnróid, agus dá bharr sin, táthar ag brath go mór ar charranna. Ar bhreatŠú siar anois, is cosúil nach raibh ciall leis na cinntí seo. Caithfidh muid a chinntiú nach ndearcfaidh na glúnta atá le teacht ar ár gcinntí mar chinntí nach raibh léargas ar bith mar bhonn orthu. Is é an dúshlán atá ann ná an dóigh ar féidir linn daoine a spreagadh le húsáid a bhaint, a oiread agus is féidir, as an taisteal gŠíomhach agus as an iompar poiblí seachas turais i ngluaisteáin, i sochaí tuaithe amhail Tuaisceart Éireann.

.

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINN

Tá an taisteal gníomhach i gceist le 30% den mhéid iomlán de na turais a dhéantar. De réir na sonraí ó Shuirbhé Taistil Thuaisceart Éireann tá 75% de dhaoine ag dul ar shiúlóid uair amháin an aghaidh na seachtaine.

Tá cur chuige réamhgŠíomhach de dhíth orainn, rud a spreagann daoine le modhanna iompair inbhuanaithe a úsáid agus nach spreagann daoine le carr a úsáid i gceantair uirbeacha. Ar a bharr sin, mar gheall ar an fhreagracht dhlíthiúil s'againn taobh istigh den Acht Athraithe Aeráide le 10% dár mbuiséad a chaitheamh ar thaisteal gníomhach, tá bunús soiléir ann le fócas na Roinne ar an taisteal gŠíomhach a léiriú.

Mar an gcéanna, tá muid an-ámharach go bhfuil córas iompair phoiblí comhtháite againn. In 2023/2024, bhí thart fá 78.2 milliún turas ar an iompar poiblí, méadú de 4.8 milliún ó bhí 2022/2023 ann. Is bonn an-tábhachtach é ar mhaithe le bheith ag bogadh chun cinn. Caithfidh muid cur leis fríd roghanna iompair a chruthú, agus cur i bhfeidhm an All-Island Strategic Rail Review a thabhairt chun cinn.

Na hidirghabhlácha a luaitear thuas: cé nach bheidh siad ina gcúis le laghdaithe suntasacha ar astaíochtaí iompair fá 2050 iontu féin, tá bunús láidir lena bheith ag leanúint ar aghaidh lena bhforbairt.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Cruthóidh muid córas iompair a mbeidh an Taisteal Gníomhach agus an tIompar Poiblí mar chuid dó, córas a fhágann go mbeidh sé níos fusa do dhaoine roghanna inbhuanaithe a dhéanamh, go háirithe do thurais laethúla níos giorra. Nuair a bhíonn bonneagar don taisteal gŠíomhach ann, atá sábháilte, iontaofa agus a bhfuil teacht air go héasca, is dóichí na a mhalairt go nglacann daoine le roghanna eile in ionad a bheith ag tiomáint. Feicfidh muid méadú

nach beag ar líon na ndaoine a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht don áit oibre agus ar ais arís agus mar chuid de gháthgŠíomhaíochtaí laethúla. Chomh maith leis sin, feicfidh muid méadú ar thurais iompair phoiblí.

## FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

// Cur chuige comhoibríoch le rialtas áitiúil, gnólachtaí, agus páirtithe leasmhara curtha ar bun.

// Na pleananna deartha agus soláthair agus na tionscadail aitheantais don taisteal gŠíomhach agus don iompar phoiblí tugtha chun cinn.

// Gréasán Rothaíochta Bhéal Feirste curtha i bhfeidhm agus Glasbhealaigh curtha ar fáil.

// Staidéir indéantacha déanta le measúnú a dhéanamh ar línte iarnróid agus iad a shíniú amach go háiteanna tábhachtacha.

// Méadú déanta ar sholáthar suíomhanna páirceála agus taistil agus suíomhanna páirceála agus roinn, agus tús áite curtha do lánaí bus a fhreastalaíonn ar chonairí iompair tábhachtacha, rud a chloíonn le pleananna iompair atá ag teacht chun cinn.

# 3 DUL IN OIRIÚINT DON ATHRÚAERÁIDE

## // AN DÚSHLÁN

Tá an t-athrú aeráide ag tarlú. Tá an aimsir ag éirí níos míshocra. Bíonn níos mó adhaimsire ann. Tá méadú tagtha ar líon na n-anfaí mórscála agus dá bharr sin, tá méadú ar an riosca tuilte, rud atá ina dhúshlán. Caithfidh muid dul in oiriúint do na hathruithe aeráide seo: méadú ar an chumas s'againn teagmhas tuilte suntasacha a thuar san áireamh.

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINNS

Tá thart fá 45,000 réadmhaoin, nó 5% de réadmhaoin i mbaol mar gheall ar thuilte. Nuair a chuirtear an t-athrú aeráide san áireamh tá thart fá 14,800 réadmhaoin i mbaol. Tá bail mhaith ar chuid mhór dár mbonneagar bainistíochta, nó tá siad fóinteach, ó thaobh riosca tuilte d'aibŠeacha agus i gceantair chósta. I suirbhéanna a rinneadh sa bhliain 2024, aimsíodh go raibh 3% dár gcosaintí tuilte i gceantair chósta, 41% dár ndobharchosaintí tuilte rangaithe mar chosaintí atá ag teip nó atá teipthe. Tá uasghrádú de dhíth orthu.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Beidh roinnt de na hoiriúnuithe atá riachtanach leis an athrú aeráide a mhaolú curtha i bhfeidhm againn. Mar thoradh ar ár gcumas le teagmhais shuntasacha tuilte a thuar, cosnófar níos mó tithe ar thuilte agus tiocfaidh feabhsú ar ár mbonneagar bainistíochta maidir leis an riosca tuilte.

## FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

// Cothabháil ríthábhachtach déanta i rith an ama ar shócmhainní bainistíochta maidir leis an riosca tuilte.

// Tús curtha le hobair ar an scéim maolaithe tuilte do Phort an Dúnáin.

// Tús curtha le hobair ar Chéim 2 den scéim maolaithe tuilte in Iúr Cinn Trá mar chuid de thionscadal athbheochana Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

// Tograí curtha le chéile do stóras d’uisce ardtalaimh.

// Cinneadh déanta ar cé acu a ba cheart tús a chur le hathbhreitŠiú ar an Ráiteas Beartais don Phleanáil Straitéiseach maidir leis an athrú aeráide, nó gan tús a chur leis, agus cinneadh déanta ar an chur chuige is fearr a ghlacadh ina leith.

// Córas réamhfhaisnéise tuilte tugtha chun cinn.

// Tús curtha le léarscáileanna nua tuilte.

// An Treoir Theicniúil ón Roinn ó thaobh Riosca Tuilte de maidir leis an athrú aeráide nuashonraithe agus foilsithe. Déanfar í leis an athrú aeráide i dTuaisceart Éireann curtha san áireamh.

# 4 BÓITHRE NÍOS FEARR

## // AN DÚSHLÁN

Agus muid ag cloí lenár bpleananna le líon na dturais carranna a laghdú agus úsáid an taistil gŠíomhaigh agus úsáid an iompair phoiblí a mhéadú, caithfidh muid bail an ghréasáin bóithre a fheabhsú fosta. Tá gréasán bóithre atá deartha níos fearr, agus caighdeán na mbóithre riachtanach do shábháilteacht ar bhóithre agus don fheabhsú ar ár gconairí eacnamaíocha. Éascóidh sé seo geilleagair fho-réigiúnacha agus beidh níos mó daoine ag obair agus ag maireachtáil amuigh fán tuath.

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINN

Déanann an Roinn cothabháil ar 26,000km de ghréasán bóithre ina bhfuil mótarbhealaí, bóithre aicme A, aicme B agus aicme C chomh maith le bóithre neamhrangaithe. Dá mba rud é go sínfí ár mbóithre amach i líne dhíreach, thiocfadh linn taisteal go Sydney na hAstráile níos mó ná dhá uair go leith. Tá cuid mhór dár mbóithre beag, neamhrangaithe agus amuigh fán tuath. Na bóithre rangaithe a bhfuil deisiú de dhíth orthu, is ionann iad agus níos lú ná 4% den ghréasán bóithre ina iomláine. Deisíonn muid, ar an mheán, 90,000 fabht agus cuireann muid athdhromchlá ar thart fá 330km de lánaí bóithre achan bhliain. Ina theannta sin déanann muid gnáthchothabháil amhail folmhú silteán agus bearradh féir.

Bíodh sin mar atá, de dheasca na tearcinfheistíochta i gcaitheamh na mblianta i gcothabháil an ghréasáin bóithre, tá meath tagtha ar an ghréasán sin. Ina theannta sin, mar gheall ar chiorruithe sa bhuiséad b’éigean don Roinn an gŠáthchothabháil

a dhéanann siad ar na bóithre a laghdú. Is 'seirbhís theoranta' é anois a thugann tús áite do sheirbhísí bunriachtanacha le cloí le sábháilteacht phoiblí. Dá bharr sin, ní dheisíonn muid ach na fabhtanna a bhfuil an tosaíocht is mó acu fá láthair. Mar gheall air sin agus ar an laghdú i gcistiú caipitil fá choinne paisteáil a dhéanamh ar na bóithre, athdhromclá a chur orthu agus oibreacha atógála, tá meath tagtha ar bhail an ghréasáin bóithre.

Cuireann an meath atá againn ar bhail an ghréasáin bóithre leis an mhéadú ar líon na n-éileamh ar dhamáiste d'fheithicilí le blianta beaga anuas. In 2023/24, mar shampla, tháinig méadú de 43% ar éilimh maidir le damáiste d'fheithicilí a fuarthas i gcomparáid le meánlíon na n-éileamh thar 5 bliana. Cé gur tháinig titim ar líon na n-éileamh a fuarthas in 2024/2025, bhí na figiúir go fóill 22% os cionn mheánlíon na n-éileamh thar 5 bliana.

Is féidir go mbeadh méadú ar líon na n-éileamh a bhaineann leis na bóithre mar gheall ar thosca seachtracha nach bhfuil neart againn orthu. Ina measc sin tá na nithe seo a leanas; drochaimsir, níos mó tráchta ag úsáid an ghréasáin bóithre; agus tuiscint níos fearr ag an phobal ar mheath ár mbóithre agus cearta na saoránach éilimh a dhéanamh. Bíodh sin mar atá, níl amhras ar bith ann go bhfuil tearcinfheistíocht i gcothabháil na mbóithre agus an 'tserbhís theoranta' atá i bhfeidhm fá láthair ina dtosca a chuireann leis an ardú ar líon na n-éileamh.

Ina theannta sin, ba é an tátal i measúnacht neamhspleách go bhfuil buiséad struchtúrach de £194m achan bhliain de dhíth ar an Roinn: an buiséad sin ag praghsanna 2024/25. In a theannta sin, meastar go bhfuil thart fá £63m de dhíth do gŠáthchothabháil riachtanach.

Ó tharla nach bhfuil na hacmhainní seo ar fáil don Roinn agus nach dócha go mbeadh siad ar fáil sa ghearrtéarma ná sa mheántéarma, tá cur chuige de dhíth orainn a bhaineann lántairbhe as an mhéid atá againn. Caithfidh cothromaíocht idir sábháilteacht agus éifeachtúlacht chostais a bheith sa chur chuige seo. Gan an chothromaíocht seo, leanfaidh an meath ar an ghréasán bóithre ar aghaidh, rud a fhágfaidh go mbeidh méadú ar an bhaol do shábháilteacht an phobail agus beidh riosca ann nach gcomhlíonfaidh an Roinn a n-oibleagáidí reachtúla.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Tá cur chuige nua againn maidir le cothabháil na mbóithre. Díríonn sé ar chaighdeán na bhfeabhsuithe ar na bóithre, ní hamháin líon na bhfeabhsuithe. Chomh maith leis seo beidh cothabháil chliste, teicneolaíochtaí nua agus comhpháirtíocht ag feidhmiú.

### FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

// Plean do Ghréasán Bóithre Seasmhach curtha le chéile.

// Fóram comhpháirtithe bunaithe le cuir chuige nua a aimsiú chomh maith le teicneolaíochtaí nua agus bealaí bunaithe ar an phobal le dul i ngleic le cothabhail bóithre.

// Breithmheas déanta ar phróifíl charbóin na ngníomhaíochtaí cothabhála agus pleananna curtha le chéile le carbón a laghdú.

# 5 UISCE AGUS FUÍOLLUISCE

## // AN DÚSHLÁN

Is sáracmhainn é uisce do dhaoine agus don tsochaí. Tá sé riachtanach d'achan fhoirm bheatha, don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol i gcoitinne. Is é an dúshlán atá againn ná an acmhainn seo atá tábhachtach ar bhealach bunúsach a bhainistiú, ar bhealach atá sábháilte, slán ó thaobh an chomhshaoil de agus a chuidíonn lenár sochaí fás. Mar gheall ar uirbiú agus ar fhás agus forbairt dromclaí crua, neamhscagacha, tá an ithir neamhscagach anois, ithir a bhíodh ag súí isteach agus ag scagadh cuid mhór den bháisteach. Ag an am chéanna, tá athrú tagtha ar phatrúin bháistí le blianta beaga anuas, (nuair a dhéantar comparáid idir na patrúin do 1991-2020 agus 1961-90, tá méadú 14% tagtha ar an bháisteach gheimhridh don Ríocht Aontaithe). Mar gheall ar an mhéadú seo ar dhéine agus ar fad na báistí tá méadú tagtha ar thuilte agus dá bharr sin, tharla doirtí míshásiúla ó chomhchórais forsceite camrais.

Ní féidir linn leanúint de bheith ag brath ar bhonneagar a raibh innealtóireacht throm déanta orthu leis an fhadhb seo a réiteach. De dheasca na tearcinfheistíochta i gcaitheamh na mblianta, tá meath tagtha ar ár gcórais camrais agus ar ár mbonneagar draenála.

Ní leor an maoiniú atá ar fáil lenár gcórais camrais ná ár gcosaint thuilte atá ann anois a uasghrádú/athrú agus anois tá srianta ar an mhéid oibre is féidir a dhéanamh nó a ghlacadh i gceantair uirbeacha atá ann fá láthair.

Go bunúsach, tá déine na báistí atá ag ardú ar cheann de na saincheisteanna is mó chomh maith leis an luas ar a bhfuil sí ag dul isteach sa ghréasán camrais comhcheangailte agus inár n-uiscebhealaí. Is é seo a leanas na gníomhartha is fearr le dul i ngleic leis an fháinne fí ina bhfuil muid ó thaobh infheistíochta, saincheisteanna acmhainní, díghrádaithe agus athinfheistíochta de: ár n-acmhainní teoranta a dhíriú ar a chinntiú go bhfuil an bonneagar crua maith go leor, agus ag an am chéanna réitigh nádúrbhunaithe a chur leis sin.

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINN

Déan NI Water thart fá 360 milliún lítear fuíolluisce a phróiseáil in aghaidh an lae. Déantar beagnach 90% den tsruth fuíolluisce seo a phróiseáil fríd an ghréasán d'oibreacha um chóireáil fuíolluisce. I gcásanna ina ndoirteann comhchórais forsceite camrais go rómhinic agus atá mar chúis le truailliú, rangaítear iad mar Sceitheadh Uaineach Míshásúil. Tá thart fá 2,400 draein forsceite ag NI Water sa ghréasán fuíolluisce poiblí. De réir samhail a rinne NI Water, doirtear thart fá 16-20 milliún méadar ciúbach d'fhuíolluisce (thart fá 11% de na sruthanna uilig d'fhuíolluisce) isteach in aibŠeacha agus san fharraige, rud a fhágann go bhfuil impleachtaí nach beag don chomhshaol.

Léirítear sna sonraí ar an Sceitheadh Uaineach Míshásúil, báisteach 'ghlan' a bhí in 80%, a bheag nó a mhór, den sceitheadh sna chéad 100 cás de sceitheadh mhíshásúil. Tá suas go dtí 9 milliún m3 ag sruthú isteach sa chóras camrais. Doirteann an chuid is mó den sceitheadh sin isteach i Loch Lao.

Mar sin de, caithfidh muid moill a chur ar an oiread den 9 milliún m3 sin agus is féidir, le líon na gcásanna den Sceitheadh Uaineach Míshásúil a laghdú.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Déanfar bainistiú ar uisce báistí, chomh cóngarach agus is féidir, don áit a thiteann sé agus déanfar é a atreorú chuig gnéithe nádúrtha, áiteanna a stóráiltear é agus scaoiltear é isteach arís sa chóras draenála atá ann anois. Ina theannta sin, thiocfadh dó go mbainistítear sruth breise fríd cheantair thuilte a shainaithint a bheadh fóirsteanach do stóráil ghearrthéarmach agus an sruth sin a atreorú chuig na ceantair sin. Ina dhiaidh sin, scaoilfear ar áis sa chóras draenála arís.

I gcásanna ina bhfuil idirghabhálacha i dtaca le Córais Draenáil Inbhuanaithe i bhfeidhm, beidh roinnt laghduithe i sceitheadh camrais ar fud na ngréasán. Chomh maith, beidh laghdú ar an riosca tuilte ar an dromchla (laghdú ar Mheándhamáiste Bhliantiúil), laghdú ar an ualach ar chóireáil fuíolluisce le linn tréimhse den bháisteach throm, rud a fhágann gur cheart go mbeadh laghdú ar chostais chumhachta. (Is é NI Water an t-úsáideoir is mó leictreachas i dTuaisceart Éireann). Comh maith leis sin, tiocfaidh feabhsú ar bhainistiú báistí, laghdú ar thuilte, feabhsú ar an bhithéagsúlacht, buntáistí sláinte is folláine mar gheall ar an mhéadú ar spásanna glasa, agus méadú ar theagmháil leis an dúlra i gceantair uirbeacha.

## FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

- // An chéad leath de Chiste Claothlaithe Píolótach bunaithe agus curtha ar fáil, ciste a bheidh mar chruthúnas coincheapa a mhairfidh ceithre bliana lena léiriú an dóigh le dul in óiriúnt don athrú aeráide fríd an tsruth den uisce báistí fríd cheantair uirbeacha a bhainistiú.
- // An Living With Water in Derry Plan foilsithe le cosaint ar thuilte, an comhshaol a fheabhsú agus an geilleagar a fhás.
- // Water, Sustainable Drainage and Flood Management Bill curtha ar fáil.
- // Beartas agus fo-reachtaíocht curtha le chéile do chórais draenála inbhuanaithe a dhearadh, a fhaomhadh, a fheidhmiú agus a chothabháil.

# 6 PLEANÁIL DON FHEABHSÚ

## // AN DÚSHLÁN

Is ábhar é an córas pleanála a bhfuil tuairim ag beagnach achan duine air ach tá dhá rud ann a bhfuil an chuid is mó de dhaoine ar aon intinn maidir leo. Ar dtús, tá sé casta, toisc go gcaithfear cothromaíocht a fháil idir réimse éagsúla leasanna agus grúpaí. Ar an dara dul síos, is dócha go mbíonn daoine ar aon intinn maidir leis an chóras a bheith rómhaorlathach agus romhall. Tá acmhainní lárnach sa dúshláin. Tá níos mó pleanálaithe de dhíth orainn, agus tá níos mó daoine de dhíth orainn a fhreagraíonn mar chomhairlí reachtúla don chóras.

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINN

Tá clár feabhsaithe i bhfeidhm againn a bhfuil sé mar aidhm aige córas pleanála éifeachtach, éifeachtúlacht is mian linn uilig.  Freagraíonn an clár seo do na tuarascálacha agus do na moltaí ar an chóras thar na blianta beaga anuas. Bíodh sin mar atá, ar mhaithe le dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile, caithfear liostaí seiceála a chur i bhfeidhm, caithfear an maorlathas a laghdú, go háirithe sa Phlean Forbartha Áitiúla agus sna próisis reachtúla comhairliúcháin.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Our planning system will be efficient, collaborative and intuitive, with planners who feel supported and capable of delivering on the strategic roles for which they have trained, leading to better planning policies and decisions.

## FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

// Diagnóis chomhchoiteann déanta ar chórais ar fud an rialtais áitiúil agus ar fud na Roinne.

// Teagmháil fhiúntach déanta le húdárais phleanála ó chomhairlí agus le comhairlí reachtúla.

// Dearfacht curtha chun cinn i gcúrsaí pleanála agus aird dírithe ar fholláine na n-oibrithe sa chóras.

// Tús curtha le creat d'fheidhmíocht agus d'fheabhsú i gcúrsaí pleanála i gcomhar le comhairlí agus pleananna gnímh na n-udarás pleanála mar chrann taca aige.

# 7 DAOINE A IONCHUIMSIÚ

## // AN DÚSHLÁN

Féadann an t-iompar a bheith ar cheann de na constaicí is mó in aghaidh daoine atá faoi mhíchumas agus daoine leochaileacha.  Bíonn deacrachtaí ag roinnt daoine agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí. Bíonn siad ag streachailt a dturais a phleanáil mar gheall ar an easpa faisnéis inrochtana taistil. Cuireann daoine eile in iúl fá dhrocheispéiris le roinnt ball foirne iompair nó le paisinéirí, rud a chuireann beaguchtach orthu maidir le taisteal. Caithfidh muid ár ngréasán iompair, an taisteal gníomhach san áireamh, a dhéanamh níos ionchuimsithí. Ar dtús, díreofar ar dhaoine faoi mhíchumas a ionchuimsiú ach mar gheall ar na feabhsuithe a bheadh riachtanach fána choinne seo, beidh buntáistí ann do thaistealaí eile fosta.

## // AN MÉID A THAISPEÁNANN NA SONRAÍ DÚINN

Tá cuid mhór fianaise ar fáil ar an tionchar atá ag an eisiamh i gcúrsaí taistil. Tá a fhios againn gur féidir le drochmhisneach a bheith ar dhaoine faoi mhíchumas de dheasca easpa áiseanna inrochtana, rud a fhágann nach bhfuil an oiread deiseanna acu le bheith ag taisteal. I staitisticí ón Roinn Bonneagair ó 2021, deimŠíodh go ndearna na daoine siúd a raibh deacracht soghluaiseachta acu 519 turas in 2021, 44% níos lú ná na daoine siúd gan deacracht soghluaiseachta. (929 turas in aghaidh na bliana)."

Caithfidh daoine a bheith ábalta taisteal, bualadh lena chéile agus go mbeidh siad neamhspleách. Tá a fhios againn fosta go mbíonn an-imní ar ghrúpaí sainaitheanta eile daoine fá thaisteal de chineálacha éagsúla. Is féidir go mbíonn drogall ar mŠá agus ar chailíní an taisteal gníomhach agus uaireanta, an t-iompar poiblí a úsáid mar gheall an bhagairt foréigin agus foréigean féin.

## // AN TORADH FADTÉARMACH

Beidh achan réimse cúraim sa Roinn saincheisteanna a choscann ionchuimsiú sainaitheanta agus tugadh aghaidh ar na saincheisteanna sin. Bainfear amach rochtain ionchuimsitheach do chách inár ngréasán iompair phoiblí.

### FÁ DHEIREADH AN TSAINORDAITHE SEO, BEIDH NA RUDAÍ SEO A LEANAS DÉANTA AGAINN:

// Athruithe áirithe ar threoir agus ar chaighdeáin deartha a fheabhsódh eispéireas daoine atá faoi mhíchumas a bheith sainaitheanta againn agus na hathruithe seo a bheith molta don chomhlacht bhainteach atá freagrach as an treoir/ na caighdeáin dearaidh.

// Treoir nua tugtha isteach do dhearadh bhonneagair a bhfuil sé mar aidhm aige an tarraingteacht na coisíochta, an taistil ar ghléasanna dóibh siúd atá faoi mhíchumas, agus na rothaíochta a mhéadú, treoir a chuirfidh níos mó béime ar dhearadh atá bunaithe ar dhaoine agus ar an tábhacht le hidirghabhálacha le feabhas a chur ar shráideanna do chách, beag beann ar aois duine nó a chumas.

# Tosaíochtaí Riachtanacha Bonneagair

I dteannta le hObair Srutha an Chláir Bunchloiche, tá pleananna uaillmhianacha ag an Roinn do thosaíochtaí riachtanacha bonneagair. Mar an gcéanna leis na Bunchlocha, tá na tosaíochtaí seo fadtéarmach. Beidh dua, fuinneamh, gealltanas agus acmhainní de dhíth orthu. Is tosaíochtaí iad atá tábhachtach, ní hamháin don Roinn Bonneagair, ach don tsochaí ar fad.

## SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

### An Comhthéacs

Is saincheist í sábháilteacht ar bhóithre a bhfuil tionchar aici orainn uilig inár saol laethúla agus tá tiomantas ag an Roinn dul i ngleic léi. Nuair a chailltear aon duine amháin ar ár mbóithre fiú, sin barraíocht, agus cé go bhfuil neart dul chun cinn déanta againn maidir le básanna ar na bóithre a laghdú, tá níos mó ann is féidir linn a dhéanamh agus a chaithfidh muid a dhéanamh lenár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach duine a úsáideann iad.

### An staid ina bhfuil muid fá láthair

Sa tuarascáil ar an Stádas Domhanda ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le sábháilteach ar bhóithre 2023, tuairiscítear go bhfuil líon na mbásanna ar bhóithre ar fud an domhain ro-ard go fóill. Faigheann thart fá 1.19 milliún duine bás achan bhliain.

Sa tuarascáil bhliantúil staidrimh do 2022/23, léirítear go raibh 55 bás in 2022, 19% faoi bhonnlíne 2014-2018.

In 2022 bhí 910 gortú tromchúiseacha ann, rud atá 21% os cionn na  bonnlíne do 2014-2018. Bhí 92 páiste básaithe nó gortaithe go tromchúiseach, 30% os cionn na bonnlíne do 2014-2018, agus bhi 196 duine óga básaithe nó gortaithe go tromchúiseach Bhí sé sin 0.2% faoin bhonnlíne 2014-2018. Tá an scéal go fóill ag éirí níos measa: Taifeadadh 69 bás in 2024. Is léir ó na sonraí go bhfuil roinnt dúshlán go fóill ann. Go háirithe, ar an drochuair, léirítear sna sonraí ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann gurb é thart fá 95% de na daoine a fuair bás nó gortú ar an bhóthar dá bharr líon na n-iompraíochtaí contúirteacha ó dhaoine atá ag úsáid na mbóithre. Is iad “The Fatal Five” an chúis leis an chuid is mó de i’imbhuailtí ar bhóithre Is iad sin:ineamhchúram/ easpa airde;(ii)beith ag dul róghasta;(iii)lagú de dheasca alcóil nó drugaí; (iv)gan crios sábhála a chaitheamh; (v)gairis mhóibíleacha

### An Toradh Fadtéarmach

Fá 2030, beidh an líon daoine a gheobhaidh bás i dtuairteanna bóthair níos lú ná 35; beidh an líon daoine a ghortófar go tromchúiseach níos lú ná 376; tá an líon páistí (0-15) a mharófar nó a ghortófar go tromchúiseach níos lú ná 29; tá an líon daoine óga (16-24)a mharófar nó ghortófar go tromchúiseach in imbhuailtí ar bhóithre níos lú ná 79.

### Fá dheireadh an tsainordaithe seo, beidh na rudaí seo a leanas déanta againn:

// Comhairle faighte againn ar scrúdú débhliantúil MOT (Aireacht Iompair) ar úsáid gaireas móibíleach, ag tiomaint faoi thionchar an óil, faoi thioncar drugaí mar ullmhúchán do reachtaíocht a thabhairt isteach.

// Ceadúnais Tiomána Chéimnithe do thiománaithe nua tugtha isteach.


SLOW

# Mórscéimeanna Bóithre agus Mórthionscadail Iompair

## An Comhthéacs

Is cuid thábhachtach iad Mórscéimeanna Bóithre den obair a chuireann an Roinn ar fáil agus muid ag iarraidh an t-am a ghlacann sé le turais a dhéanamh a laghdú, iontaofacht a mhéadú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Cuireann ár Mórscéimeanna Iompair le feabhsú sa taisteal gŠíomhach agus le laghdú ar thaisteal carranna i gceantair uirbeacha.

## An Staid ina bhfuil muid fá Láthair

Tá an gréasán bóithre thíos leis an tearcinfheistiú leis na blianta i gcomparáid le ceantair eile sa Ríocht Aontaithe agus in Éireann. Cé go bhfuil an Roinn ag feidhmiú i dtimpeallacht dheacair ó thaobh an airgeadais de, tá an Roinn ábalta dul chun cinn nach beag a dhéanamh ó tháinig an Feidhmeannas ar ais arís, ar sholáthar Mórscéimeanna Bóithre agus Mórthionscadail Iompair. Cuireann roinnt acu ar fáil mar thionscadail City and Growth Deal.

## Toradh Fadtéarmach

// Laghdófar an méid ama a ghlacann sé le turais a dhéanamh, méadófar an iontaofacht san am a ghlacann sé le turas a dhéanamh agus beidh feabhsú ar shábháilteacht ar bhóithre.

// Nascacht níos fearr a chur ar fáil, rud a chuirfidh le fás eacnamaíoch agus a laghdóidh míchothromaíocht réigiúnach.

// Soláthar an taistil gŠíomhaigh feabhsaithe a chur ar fáil agus laghdú ar thaisteal carranna i gceantair uirbeacha.

Le linn an tsainordaithe seo is mian linn bonneagar a chur i bhfeidhm a laghdóidh an méid ama a ghlacann sé le turais a dhéanamh, iontaofacht sa mhéid ama le turais a dhéanamh a mhéadú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú; Ina theannta sin, cuideoidh an bonneagar seo

le nascacht níos fearr a chur ar fáil, rud a chuirfidh le fás eacnamaíoch agus a laghdóidh míchothromaíochtaí réigiúnacha. Cuidíonn feabhsuithe sa Taisteal GŠíomhach le taisteal i ngluaisteáin a laghdú i gceantair uirbeacha

## Fá dheireadh an tsainordaithe seo, beidh na rudaí seo a leanas déanta againn:

// Conair Iompair an Iarthair, mar atá, an A5, tugtha chun cinn idir taobh ó dheas den tSrath Bhán agus Baile Uí Dhálaigh

// Soláthar na Mórscéimeanna Bóithre a leanas a curtha chun cinn: -

/// Seachbhealach Deisceartach Inis Ceithleann, an A4 agus

/// Na cumair ar an A1, Céim 2.

// Soláthar a thabhairt chun cinn ar An Droichead Lagáin do Choisithe & do Rothair.

// Forbairt leanúnach na Mórscéimeanna Bóithre a leanas a chur chun cinn: -

/// Stráicí de Chonair Iompair an Iarthair, mar atá, an A5, (A5WTC) idir Baile Nua agus an taobh ó dheas den tSrath Bhán agus Baile Uí Dhálaigh agus Achadh na Cloiche,

/// Seachbhealach na Coirre Críocha ar an A29

/// Bóthar Faoisimh Deisceartach an Iúir

/// Seachbhealach Bhaile na hInse ar an A24

// Forbairt leanúnach ar na Mórthionscadail Bóithre a leanas a chur chun cinn: -

/// An dara céim de Chóras Meariompair Bhéal Feirste (BRT2),

/// Cois Abhann Dhoire agus

/// Droichead Coisithe an tSratha Báin.

// Tá macŠamh níos faide déanta ar sholáthar an tionscadáil ar an Acomhal Mhótarbhealaí ar Shráid York, agus ar an scéim atá ar siúl ar bhóthar Bhun Cranncha, is é sin an A2, agus ar an scéim A32 Cornamuck.

// Tá na hoibreacha ríochta poiblí curtha chun críche thart fá Mhórstaisiún Bhéal Feirste.


VÖGELE
VRS

Department for
Infrastructure
An Roinn
Bonneagair
Depairtment fur
Infrastructure
www.infrastructure-ni.gov.uk

An Roinn Bonneagair
Straitéis Chorparáideach & Rannóg Feidhmíochta
Teach Shéamais
Oibreacha Gáis, 2-4 Ascaill Cromóige
Béal Feirste
BT7 2JA